

Ábhar

Turas ar an gColóim

Téacs Éisteachta

Aoife Ní Chonchúir ag cur síos ar thuras a thug sí ar an gColóim.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Turas ar an gColóim

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le hAoife Ní Chonchúir ag cur síos ar thuras a thug sí ar an gColóim i Meiriceá Theas. Sula n-éistfidh tú leis an mír, déan an réamhobair thíos.

Plé

- Cad atá ar eolas agat faoin gColóim mar thír?
- Cad iad na híomhánna a shamhlaíonn tú leis an gColóim mar áit?
- An bhfuil ‘íomhá’ ar leith ag na tíortha seo a leanas, dar leat? Má tá, déan cur síos uirthi: Meicsiceo, an Ísiltír, an tSeapáin, an tSualainn, Angóla, an Afganastáin, Meiriceá, an India.
- Cén íomhá atá ag Éirinn mar thír, dar leat?

Tascanna

- Scríobh cuntas ar na réamhthuaisirí cultúrtha a bhíonn ag eachtrannaigh faoi cheann de na háiteanna seo a leanas agus faoi phobal na háite: (i) Éire; (ii) an Ghaeltacht; (iii) an Iodáil; (iv) an Ghearmáin; (v) an tSín.
- Bhuaigh tú airgead agus tá seans agat cuairt a thabhairt ar aon áit ar domhan de do rogha féin. Ní theastaíonn uait dul i d’aonar – cuir teachtaireacht ar *Facebook* chuig cara leat ag tathant air/uirthi dul i do theannta agus tabhair go leor cúiseanna faoi cén fáth ar cheart dó/di dul leat.

Éisteacht

- Beidh an leagan Gaeilge de na focail seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Déan iarracht ar dtús Gaeilge a chur orthu tú féin agus ansin nuair a éistfidh tú leis an mír, féach an raibh an ceart agat.

landmines
funding
agencies
guerillas
a group of indigenous men
intermediary / go-between
interpreter
explosives
injuries
violence and brutality

- Agus tú ag éisteacht leis an mír déan iarracht na tascanna seo a dhéanamh:

Déan cur síos ar phost Zach.

Déan cur síos ar an ról a bhí ag Aoife san idirghníomhaíocht leis an ngrúpa bundúchasach.

Déan cur síos ar an tslí inar thuig Aoife agus Zach go raibh siad in áit dhainséarach.

Feasacht Teanga

- Féach ar na tréithe thíos a chuireann canúint Aoife in iúl agus déan cur síos orthu.

fuaireas cuireadh / thapaíos an deis / shileas allas an lá san
ar an dtaithí saoil / ón dtalamh
fearaibh áitiúla
cumann go raibh sé ag obair dóibh

- ‘...ag an ngrúpa fear...’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist sa fhrása thuas? Pléigh agus bain amach na lúibíní thíos.

grúpa (mic léinn)
grúpa (múinteoirí)
grúpa (mná)
grúpa (státseirbhísigh)

- ‘...maoiniú á thabhairt...’

Cén struchtúr atá i gceist thuas? Pléigh agus déan iarracht na lúibíní thíos a bhaint amach.

cabhair á (tabhairt)
cúnamh á (tabhairt)
deontais á (tabhairt)
marcanna á (tabhairt)
cabhair á (ofráil)
cúnamh á (ofráil)
deontais á (ofráil)

- Féach ar na briathra sa chló iodálach sa sliocht thíos. Cén aimsir atá i gceist i ngach cás?

An rud a tharla ar deireadh ná go *labhraíodh* na fearaibh tuaithe liom, ansan *deireadh* an fear cathrach an méid a *dúradar* liom i ngnáth-Spáinnis shimplí agus ansin *d’aistrínn-se* é sin go Béarla do Zach. Ach bhí an méid

a *dúradar* ana-chumhachtach ar fad. *Thaispeánadar* grianghrafanna dúinn den tslí a *bhailidís* na mianaigh agus na pléascáin agus go *gcaithidís* i bpoll mór iad agus go *gcuiridís* iad ar fad trí thine. Agus ba dhóbaire go raibh taom croí ag Zach, mar sin ceann de na rudaí is dainséaraí a *d'fhéadfá* a dhéanamh, de réir dealraimh.

‘...*bhailidís* na mianaigh agus na pléascáin agus go *gcaithidís* i bpoll mór iad agus go *gcuiridís* iad ar fad trí thine...’

Conas a chuirfeá na briathra thuas sa mhodh coinníollach? Cén t-athrú foghraíochta a tharlódh?

- An cuimhin leat an Ghaeilge a bhí ag Aoife ar an abairt seo a leanas? Déan iarracht Gaeilge a chur ar an abairt agus ar na cinn eile a leanann í.

She told us that they told her that they'd kill her if she stayed in the town.

She told him that she was told there was no exam in that subject.

They were told that they'd have to go home if they had no ticket.

We told her that she'd have to finish the project quickly if she wanted to be involved.

I told them that the poster had to be designed by Tuesday if they wanted to advertise the quiz in time.

He told them that she told him that they could do another exam if they failed.

- Cuir na focail seo as an mír in abairtí a léireodh a gceartúsáid.

is mór idir
babhta
ba dhóbaire go
treabhadh trí

Iarobair

Plé

- An mbeadh aon spéis agat turas mar a rinne Aoife agus Zach a dhéanamh? Cén fáth?
- An dóigh leat gur post deacair é post an ateangaire? Cén fáth? An mbeadh spéis riamh agat in aon obair ateangaireachta nó aistriúcháin?
- Cad a déarfá atá i gceist ag Aoife le ‘caint chiorclach a bhí mar chuid dá gcultúr’? An bhfuil sé de theist ar Éireannaigh go mbaineann siad úsáid as ‘caint chiorclach’?

- Anois pléigh an ráiteas seo a thug duine nár thaitin taisteal leis mar chúis chun gan an baile a fhágáil:

‘Plato never left Athens and travel certainly never broadened the English mind!’

Tascanna

- Déan liosta de na nithe a thaitneodh leat agus tú ag taisteal (modh taistil, rudaí le déanamh, cineál turais, cineál aeráide srl.). Ansin cum ceisteanna le cur ar an duine in aice leat faoi na nithe a thaitneodh leis/léi agus é/í ag taisteal.
- Déan liosta de na tréithe ba mhaith leat a bheith ag duine (i) a rachadh ar thuras traenach tríd an Eoraip leat; (ii) a rachadh ar saoire gréine ar feadh coicise leat; (iii) a rachadh go Nua-Eabhrac leat; (iv) a rachadh ar saoire eachtraíochta leat.
- Léigh an sliocht thíos a scríobh Ruairí Ó hEithir in *Comhar* (Meán Fómhair 2009) agus pléigh na ceisteanna a leanann é.

Scéal barrúil ó áit eile ar domhan. Duine eile d’oibríthe deonacha VSO atá ag obair liom anseo, bhí sé ar saoire le cairde i Neipeal blianta ó shin nuair a bhí feachtas na dtreallchogaithe Maocha fós faoi lánseol. Agus iad ag dreapadh leo, casadh buíon de na treallchogaithe orthu agus dúradh leo go mbeadh ar chuile dhuine acu ‘táille’ a íoc as ucht bheith ina limistéar. Tharraing mo chara amach a chárta mac léinn ó ISIC agus d’aontaigh na treallchogaithe lacáiste 50% a thabhairt dó. Ná fág an baile gan é!

- Cén úsáid a bhaineann tusa as do chárta ISIC? An fiú é a bheith agat, dar leat?
- Cad iad na háiteanna is fearr chun lacáistí do mhic léinn a fháil?
- Conas a chuirfeá síos ar phearsantacht an taistealaí thuas?
- Cad iad na háiteanna thar lear is mó a dtugann mic léinn Éireannacha cuairt orthu i rith a laethanta saoire?
- Cén íomhá a bhíonn ag daoine thar lear de mhic léinn na hÉireann, dar leat?

Téipscript

So, a Aoife, thugais-se turas spéisiúil ar an gColóim ansan roinnt blianta ó shin. An bhféadfá cur síos a dhéanamh dom ar an dturas san?

Ó sea, bhuel fuairas cuireadh ó chara liom dul leis mar bhí a fhios aige go raibh spéis agam sa Cholóim mar go rabhas ann mar thurasóir nuair a bhíos sna fichidí. Agus thapaíos an deis dul ina theannta mar is mór idir turas a thabhairt mar thurasóir agus tú ag sú na gréine agus turas a thabhairt sa chomhthéacs ina rabhasa ag imeacht an tarna babhta, mar is amhlaidh, an dtuigeann tú, go raibh mo chara Zach ag dul ann ina ról a bhí aige leis an eagraíocht...saghas cumann de chuid na Náisiún Aontaithe go raibh sé ag obair dóibh. Agus an post a bhí ag Zach ag an am ná cuairt a thabhairt ar fud an domhain go dtí tíortha go raibh mianaigh talún iontu agus go raibh maoiniú á fháil ag áisíneachtaí éagsúla chun na mianaigh sin a thógaint amach ón dtalamh. Agus thugtaí maoiniú do shaghsanna éagsúla tograí, abair cinn a bhain le hoideachas a chur ar dhaoine timpeall ar na dainséir a bhain le mianaigh, conas iad a aithint sa talamh, agus mar sin de. Ach ní raibh an cumann áirithe seo tar éis maoiniú a dhéanamh ar aon togra sa Cholóim go dtí seo toisc go raibh cogadh fós ar siúl sa tír – agus tá fós, is oth liom a rá, an cogadh céanna ar siúl idir na treallchogaithe (FARC) agus an rialtas. Ach pé scéal é, bhí mo chara Zach ag dul chun féachaint an bhféadfaí maoiniú a dhéanamh ar aon togra oideachais nó togra sláinte ag baint le mianaigh sa tír.

Agus mar sin, gan a thuilleadh moille, raghaidh mé ar aghaidh go dtí an rud spéisiúil a tharla dom agus mé ann. Thugas féin agus Zach cuairt ar chathair álainn i ndeisceart na tíre darbh ainm dó Popayan, agus bhí cruinniú eagraithe ann dúinn le grúpa fear bundúchasach ón dtaobh tíre sin. Bhí fear eile, ansan, ón gcathair, nár bhundúchasach é, ann chomh maith mar shaghas idirghabhálaí idir sinne agus na fearaibh áitiúla. Ní raibh aon fhocal Spáinnise ag Zach agus bhí sé ag brath ormsa a bheith mar theanga labhartha aige. Bhuel, shileas allas an lá san. Mar ní ag ordú cupán caife i mbialann a bhíos i Spáinnis an uair sin ach ag iarraidh ciall a bhaint as Spáinnis chasta na mbundúchasach, as abairtí teibí a chumadar, an chaint chiorclach a bhí mar chuid dá gcultúr – bhíos ag iarraidh treabhadh tríd sin ar fad chun tuiscint éigin a thabhairt do Zach ar an dtaithe saoil a bhí ag an ngrúpa fear seo i sléibhte na Colóime agus iad ag iarraidh a bpobal a chosaint ar na gortuithe agus ar na maruithe a bhí mar thoradh ar na mianaigh agus na pléascáin ar a gcuid talún. Caithfidh mé a admháil go raibh sé ródheacair dom. An rud a tharla ar deireadh ná go labhraíodh na fearaibh tuaithe liom, ansan deireadh an fear cathrach an méid a dúradar liom i ngnáth-Spáinnis shimplí agus ansin d'aistrínn-se é sin go Béarla do Zach. Ach bhí an méid a dúradar ana-chumhachtach ar fad. Thaispeánadar grianghrafanna dúinn den tslí a bhailidís na mianaigh agus na pléascáin agus go gcaithidís i bpoll mór iad agus go gcuiridís iad ar fad trí thine. Agus ba dhóibair go raibh taom croí ag Zach, mar sin ceann de na rudaí is dainséaraí a d'fhéadfá a dhéanamh, de réir dealraimh.

Ach ansan d'éirigh an turas níos spéisiúla arís, mar bhuaileamar le bean i gcathair Cali a thug go baile iargúlta thuas sna sléibhte sinn. Agus nuair a bhíomar ag tiomáint go dtí an mbaile, cheistíos-sa í mar gheall ar an dtaobh tíre, díreach chun comhrá a dhéanamh léi. 'Ó', arsa sí, 'tá an saol ana-dheacair ar fad san áit seo'. 'Cad ina thaobh?', arsa mise. 'Ó, na treallchogaithe', a dúirt sí. 'Tá an áit lán acu, seo *zone* dearg, an dtuigeann tú', arsa í. 'Th'anam 'on diabhal' arsa mise agus Zach sa tsuíochán deiridh. Ach bhí níos mó arís le foghlaim againn mar fuairamar amach go gcaith an bhean san scríobh go dtí ceithre thaoiseach áitiúla chun cead a fháil dúinne cuairt a thabhairt ar an mbaile áirithe seo. Fuairamar amach go gcaithfeadh duine de na taoisigh sin tiomáint thar n-ais inár dteannta ar mhaithe lenár sábháilteacht féin. Labhraíomar le bean ar an mbaile ansan a thaispeáin a bolg dúinn a bhí lán de ghortuithe ón mbuama a phléasc sa bhaile cúpla bliain ó shin, agus a bhí, ar chúis éigin nár thuigeamar, ar liosta báis na dtreallchogaithe áitiúla. Dúirt sí linn go ndúradar léi go maróidís í dá bhfanfadh sí sa bhaile. Agus bhí sí tar éis fágaint ach tháinig sí thar n-ais ar mhaithe leis an gcruinniú an lá seo. Agus ní raibh sa bhean san ach sampla amháin de dhuine a bhí brúite, clipthe, agus suaite ag an gcogadh atá ag tarlú sa tír sin agus atá á thiomáint ag saint chleas na ndrugaí. Ní dhéanfaidh mé dearúd go deo ar chuid de na scéalta uafáis a dúirt daoine in áiteanna difriúla sa tír linn agus rian an fhoréigin agus na brúidiúlachta le brath ar a saol.